St. Patrick's Institution Annual Report 2011

We the members of the visiting Committee of St. Patrick's Institution are pleased to submit our annual report for 2011 to Mr Alan Shatter Minister for Justice and Equality.

The Visiting Committee met monthly in St. Patrick's and also carried out some 21 random unannounced visits during the year. According to submitted written reports the Visiting Committee are satisfied that they found the prison was being run in an efficient, fair, safe, and a humanitarian way. The Committee are satisfied that this is always the case.

As in previous years, we wish to place on record that from our observations in this institution the welfare of the inmates is of primary concern to all staff. We wish to record our thanks and appreciation to the Governor and his staff for the excellent management and running of the Institution.

During 2011 a number of positive developments took place. Included among these was the painting of the School and refurbishment of many other areas of the prison. We note and welcome a significant investment in the overall security system. The NIAP, a voluntary Group continue with a programme of self development for sex offenders, and are working with inmates in the unit. This has been a very worthwhile project and is much appreciated by the management of the Institution. There continues to be an encouraging increase in the number of family visits.

Accommodation

The logistics of managing accommodation in St. Patrick's gets more complicated each year. This is caused by the increased numbers being remanded to the prison and the increased threats of violence from the different factions within the prison. This situation is regularly discussed with the Governor at monthly meetings and the Committee have been assured that the staff are managing this difficult situation with the safety of all inmates as a priority. Even with a very restricted budget the management have completed some major refurbishment within the prison.
The problem of housing 16 and 17 olds continues to be a challenge.

Kitchen

The kitchen in St. Patrick's is operated to the highest standards of hygiene and service. Food continues to be prepared in an efficient manner by a very professional staff and members of the prison population are also employed in the kitchen. Congratulations are due to all concerned on achieving the Q Mark for 2011.

Gym

There are four Gymnasia in St Patrick's. They are well attended by the inmates and are supervised by Prison staffs who are NCEF qualified. The Committee continue to ensure that the equipment is kept up to date and properly serviced. A new contract with a gym equipment repair company has helped in maintaining much used equipment.

Staffing

The committee have a major concern about the level of staffing particularly in the Workshops and Gyms. We are aware that there are competitions for filling these positions taking place at present and hope that all workshops will be back in full operation in the shortest possible time. The Metalwork workshop is most affected by absence of trained staff but efforts continue to be made to find suitably trained personnel.

Education

Over 20 inmates sat the Junior Certificates Examinations in June 2011 while 1 inmate sat the Leaving Certificate Exam. 8 FETAC Modules to Level 4 are offered to the inmates in St. Patrick's. CDVEC certificates were awarded to inmates for Literacy & Numeracy, Home Economics, Art & Design, Crafts, Mosaics and Woodwork. Preparations are well under way for the piloting of the E-learning programme and the Visiting Committee encourage this initiative in St. Patrick's and would be pleased to see it rolled out throughout the prison.

Many of the inmates in education in St. Patrick's have very basic literacy and numeracy skills. This factor coupled with the turn-over rate and transfer pattern of inmates act as barriers to full acquisition of the curriculum.

While the committee report that restricted classes are offered to inmates on Protection, more access for young people to education should be maximised in so far as is practicable. Access to a wider range of subjects and in particular to Literacy and Numeracy should be encouraged and additional steps to motivate young people to participate fully in education and work should be initiated. . A more integrated approach with input from multi-disciplinary teams could enhance outcomes and targets in Education. Concrete incentives and recognising achievements including awards ceremony with family members present would serve to increase the level of participation in education in St. Patrick's.

Library

The Library is made available to inmates at the times the other facilities i.e. workshops and schools are available. The Library is stocked with books of interest to the inmates with newspapers and some magazines also available. There are computers in the Library available to the inmates. The management regularly bring in outside

people to demonstrate different unusual topics. This is to create interest in activities that may be of interest to them in the future.

Workshops

See earlier comments on staffing.

The following courses offer qualifications in City and Guilds:

- Kitchen – City and Guilds Award Level1
- Painting and Decorating – City and Guilds Award Level 1
- Metal Workshop – City and Guilds Award Level 1
- Woodwork Shop – City and Guilds Award Level 1
- Cleaning Services – BICS
- Computer Workshop – Equal skills and E.C.D.L. through the Irish Computer Society, and City and Guilds Award Level 1 with SQA courses in

1) Digital Computing
2) Digital Numeracy
3) Digital Communications Methods.

The inmates take on many projects. They supply finished products to Make a Wish Foundation, Temple St. Children's Hospital, Scouts, and a number of football teams of inner city children. Some of these workshops would have an average of 10 people participating each day.

There are some issues of staffing due to the financial restrictions at present in place. One workshop had to close temporarily because the Officer in charge had to do prison escort duties. The Committee understands that the Institution is awaiting outcome from a competition for supervisors and hope all vacancies will be filled during 2012.The workshops are very successful and there is a great sense of camaraderie amongst the participants who seem very motivated to succeed in any projects they take on.

By far the most significant development is at the Cleaning Workshop where following the termination of the cleaning contract the members of the cleaning workshop are now supervised and managing the cleaning services for the whole prison. This scheme has worked very well and efforts are being made to bring in an industry person to discuss opportunities for inmates following release.

Plans are in train to develop workshop facilities to service the needs of the underage inmates.

Visiting Facilities and Screens

- **Visiting Areas:**

The committee are satisfied that this area is now very functional. There may be some difficulty in hearing each other when the visiting rooms are very busy but in general the new sound system is working satisfactorily.

- **The Visiting Centre**:

Visitor Reception: The committee would like to see positive use of this facility to encourage good communication between staff and families of inmates. The first impression for parents, friends and extended family is this visiting centre and the committee are anxious the centre functions in a manner which shows respect for all visitors. It is also important that the visiting centre is kept clean and tidy at all times. With the number of visitors going through the centre there may be problems with some facilities. A system should be devised that allows the visitors to tend to babies so that a safe system is in place for disposal of nappies and other materials.
Some incidents of drainage blockage problems occurred during the year and the Ladies Toilet was out of service. There are many theories as to the cause but the heavy burden on the whole sewage system in the area seems to be a factor. There has been a lot of development in the area over the last decade with little upgrading of the waste system.

C3

This wing continues to cause concern to the committee. It is wrong that prisoners who are put on protection are cell by cell with prisoners who are in that wing as punishment. With the ever increasing number of gangs the situation is becoming unmanageable. We realise this situation prevails in other prisons also. We urge the IPS to form a manageable and coherent strategy.

Special Cells and Sex Offenders

Due to the nature of their crimes and the constant threat that exists from other inmates it is necessary to keep a small number of inmates separate from the general population of prisoners at all times. Whilst the Committee fully understand the need for prison management to take every precaution in protecting these individuals at all times, each and every prisoner in their care is entitled to the supports available in the prison. We are concerned about the level of restriction this protection imposes on this small group of prisoners.

We continuously discuss this with the Governor and are aware of the efforts made to ensure these prisoners have similar education and skills development opportunities to all other prisoners. We call on the Department to ensure that management are provided with sufficient resources to meet the rehabilitation needs (education and skills development) of these prisoners. During 2011 much effort was made to increase the education service to these inmates but more facilities need to be provided.

Inmates meeting with the Committee

The number of prisoners who came to see the Committee this year was 8. At all times the Committee try to make the visitor welcome and at ease. This can be difficult as the Committee usually numbers 6 persons. It can be intimidating for the young inmates but as Committee members visit on their routine visits they meet the inmates in a more informal environment. All discussions during these visits are absolutely

confidential and where possible feed back is given to the individual through a Governor as soon as possible certainly within 24 hours.

Complaint Forms

The Complaint forms register is inspected routinely during the year and relevant notice is taken. There were 44 Complaint forms requested and 19 submitted. The committee will investigate if all complainants are able to complete the form.

Special Observation Cells

The log book which is maintained for the special observation cells was inspected. It is noted that there were 257 entries during the year and that it is a lot of the same people ending up in these cells. The monitoring of the inmates in these cells is of vital importance and the need for proper medical and psychological management is a must. This is a priority for the Committee members as some of the inmates are very vulnerable. We have confidence that the staff share our concerns in this regard.

Cleanliness throughout the Prison

In general the prison is presented in a clean and tidy state. As mentioned in the workshop section the Cleaning workshop has taken responsibility for the cleaning of the prison and so far this project has been successful.

Death and Injury

While there were a few outbreaks of violence during the year when Prison Officers were injured all injured officers returned to work after appropriate care. The Committee are satisfied that all incidents are properly investigated and there has been an increase in the use of closed circuit monitoring units.

Challenges for the Committee

On several occasions during the year the Committee felt that the press coverage of conditions in the prison was unfair. St Patrick's is an old prison and because of this requires more maintenance than a more modern building. In these times of tight monitory controls it can be difficult to manage a budget to meet all the requirements of the prison. The Committee would point out that these prisoners are short term and young and need to be in a facility that encourages rehabilitation and self -respect. The staff endeavours to manage the facility with the resources available.

Visits to St Patrick's:

Alan Shatter - Minister of Justice
Frances Fitzgerald - Minister for Children
Inspector Of Prisons
The Oireachtas Justice Committee
Judge Catherine Leonard - Children's Court
Fabian Montes - "Gang Culture" Lecturer

Superintendent Colette Quinn - Garda Office for Children & Youth Affairs
Belgian Youth Justice service

New Initiatives:

"Thru Care" Initiative- including information sharing I weekly case conferences, pre, thru and post release programmes.

Restorative Justice Programme

Comprehensive training programme for staff working with children

Individual programs of care for 16/17 year olds

Personal Development Training programs. (Tag rugby)

City and Guilds Accreditation for Training

Divisional Laundries

Reading and writing skills

List of agencies attending:

Youth Justice Service
IPS –Regimes Directorate
Ombudsman for Children
Oberstown
HSE
Finglas Youthreach
Southhill Youthreach
Copping On Programme
Talbot Centre
Crinion Project
Treo
Candle Trust
Garda J.L.O Scheme
Legion Of Mary
Focus Ireland
Edenvilla
Rialto Prison Links
CARP
YAP
Le Cheile
Bray Addiction Team
Springboard
Crosscare
Inchicore Prison Links
Tallaght Travellers Youth Service
Rainbow Project
Peter McVerry Trust
I.N.I.S

Meetings of Chairpersons of Prison Visiting Committees

On behalf of the Visiting Committee of St Patrick's, the Chairperson attended a number of meetings of Chairpersons of all the prisons. These meetings are useful as they offer the opportunity to the Chairpersons to compare notes on the activities of the committees as well as discuss policy and responsibilities of committees. One of major

developments during ~~2009~~ 2010 which is ongoing was the development of a manual for Visiting Committees as well as a document setting out a training schedule for new committee members. This has long been requested by new members and we look forward to the completion of this project in 2012.

Aspirations

Increase the use of the Video link to the courts.
Investigate and promote alternatives to routine sentencing.
Liaise with all interested agencies to manage the detention of 16 and 17 year olds.
Develop incentive strategies that encourage inmates to make full use of the School and Workshops.
Encourage potential employers to visit interested groups and discuss employment opportunities.

Conclusion

We are pleased to submit this report and we are confident that St Patrick's continues to be very well managed by a Professional Governor and staff.

We wish to express our thanks for their co-operation to Governor McLennan, Hughes and Deputy Governor Woods. We give very special thank you to Simon Walsh our Clerk to the Visiting Committee. His excellent support of the Committee during the year is much appreciated.

The Visiting Committee members are committed to fulfilling our function in full. We believe there is always room for improvement. We are looking forward in the future to working in close co-operation with the Prison Staff, the Inmates, the Irish Prison Service and the Minister for Justice and Equality.

Denis Murphy Chairperson 2011

Denis Murphy

Yvonne Ní Mhurchú

Niall Bourke

Tuarascáil Bhliantúil Fhoras Naomh Págraid 2011

Táimidne, baill an Choiste cuairte ar Fhoras Naomh Pádraig sásta ár dtuarascáil bhliantúil le haghaidh 2011 a chur faoi bhráid an Uasail Alan Shatter, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Bhuail an Coiste Cuairte le chéile gach mí i bhForas Naomh Pádraig agus thug siad thart ar 21 cuairt randamach gan fhógra air le linn na bliana. De réir tuarascálacha i scríbhinn a cuireadh isteach tá an Coiste Cuairte sásta go bhfuil an príosún á reáchtáil ar mhodh éifeachtach, cothrom, sábháilte agus daonnúil. Tá an Coiste sásta gurb é seo an cás i gcónaí.

Mar a bhí i mblianta roimhe seo, ba mhaith linn é a chur ar chuntas go bhfuil leas na bpríosúnach ina phríomhábhar is cúram ag an bhfoireann go léir ónár mbreithnithe san fhoras seo. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an nGobharnóir agus lena fhoireann as bainisíocht agus reáchtáil shármhaith an Fhorais.

Le linn 2011 tharla roinnt forbairtí dearfacha. Ina measc sin bhí péinteáil na Scoile agus athchóiriú ar a lán láithreacha eile den phríosún. Sonraímid agus cuirimid fáilte roimh infheistíocht shuntasach sa chóras slándála foriomlán . Leanann an NIAP, Grúpa deonach de chlár féinfhorbartha le haghaidh ciontóirí gnéis, agus tá siad ag obair le príosúnaigh san aonad. Ba thionscadal an-fhiúntach a bhí ann agus tá lucht bainistíochta an Fhorais an-bhuíoch as. Tá méadú spreagúil i líon na gcuairteanna teaghlaigh go fóill.

Cóiríocht

Éiríonn an lóistíocht maidir le cóiríocht a bhainistiú ag Foras Naomh Pádraig níos casta gach bliain. Tarlaíonn sé seo i ngeall ar an méadú ar na líonta atá á gcimiú sa phríosún agus an méadú ar bhagairtí foréigin ó ghrúpaí éagsúla laistigh den phríosún. Pléitear an cás ar bhonn rialta leis an nGobharnóir ag cruinnithe míosúla agus cinntíodh don Choiste go bhfuil an cás deacair seo á bhainistiú ag an bhfoireann agus sábháilteacht na bpríosúnach uile mar thosaíocht. Fiú le buiséad an-srianta chuir an lucht bainistíochta roinnt mór-athchóirithe i gcrích laistigh den phríosún. Baineann deacracht fós le cóiríocht a chur ar fáil do na príosúnaigh 16 agus 17 mbliana d'aois.

An Chistin

Oibrítear an chistin i bhForas Naomh Pádraih ar na caighdeáin is airde sláinteachais agus seirbhíse. Leanann foireann an-ghairmiúil de bhia a ullmhú ar bhonn eifeachtach agus tá baill de dhaonra an phríosúin fostaithe sa chistin chomh maith. Tá comhghairdeas ag dul do gach duine lena mbaineann as an Marc Q a bhaint amach le haghaidh 2011.

An Giomnáisiam

Tá ceithre Ghiomnáisiam i bhForas Naomh Pádraig. Freastalaíonn na príosúnaigh go maith orthu agus déanann baill foirne an Phríosúin a bhfuil cáilíocht NCEF acu maoirseacht orthu. Leanann an Coiste dá chinntiú go gcoinnítear an trealamh suas chun dáta agus go ndéantar é a sheirbhísiú mar is ceart. Chuidigh conradh úr le cuideachta deisiúchán trealamh giomnáisiaim maidir leis an trealamh a úsáidtear go minic a chothabháil.

Soláthar Foirne

Tá mórbhuairt ag an gCoiste faoi leibhéal an tsoláthair foirne go háirithe sna Ceardlanna agus sna Giomnáisiaim. Tá a fhios againn go bhfuil comórtais ann maidir leis na poist seo a líonadh ar siúl faoi láthair agus tá súil againn go mbeidh na ceardlanna ar fad ag feidhmiú go hiomlán chomh luath agus is féidir. Is í an ceardlann Mhiotalóireachta an ceardlann is mó a bhfuil easnamh foirne oilte ag cur isteach uirthi agus tá iarrachtaí á ndéanamh le pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí acu a fháil.

Oideachas

Rinne os cionn 20 príosúnach Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh i mí an Mheithimh 2011 agus rinne príosúnach amháin Scrúdú na hArdteistiméireachta. Tairgtear 8 Modúl FETAC go dtí Leibhéal 4 do na príosúnaigh i bhForas Naomh Pádraig. Bronnadh teastais CVVEC ar na príosúnaigh do Litearthacht & Uimhearthacht, Eacnamaíocht Bhaile, Ealaín & Dearadh, Ceardaíocht, Mósáic agus Adhmadóireacht. Tá ullmhúcháin go maith chun tosaigh le haghaidh an clár R-fhoghlama a phíolótú agus sreagann an Coiste Cuairte an tionscnamh seo i bhForas Naomh Pádraig agus bheadh siad sásta é a fheiceáil curtha i bhfeidhm ar fud an phríosúin.

Tá scileanna an-bhunúsacha litearthachta agus uimhearthacht ag a lán de na príosúnaigh in oideachas i bhForas Naomh Pádraig. Is bacainní iad an fachtóir seo mar aon le ráta athraithe agus treocht aistrithe na bpríosúnach ar an gcuraclam a fháil ina iomláine.

Cé go dtuairiscíonn an coiste go dtairgtear ranganna teoranta do phríosúnaigh atá faoi chosaint, ba cheart níos mó rochtana do dhaoine óga ar oideachas a uasmhéadú a mhéid is féidir. Ba cheart rochtain ar raon níos leithne ábhar agus go háirithe ar Litearthacht agus Uimhearthacht a spreagadh agus ba cheart bearta breise a dhéanamh chun daoine óga a spreagadh chun páirt iomlán a ghlacadh in oideachas agus ba cheart obair a thionscnamh. Chuirfeadh cur chuige níos comhtháite ina mbeadh ionchur ó fhoireann ildisciplíneach feabhas ar thorthaí agus ar spriocanna in Oideachas. Dhéanfadh dreasachtaí nithiúla agus gnóthachtálacha a aithint lena n-áirítear searmanas gradam ina mbeadh baill teaghlaigh i láthair an leibhéal rannpháirtíochta in oideachas i bhForas Naomh Pádraig a mhéadú.

An Leabharlann

Cuirtear an Leabharlann ar fáil do na príosúnaigh nuair a bhíonn na saoráidí eile .i. ceardlann agus scoileanna ar fáil. Tá an Leabharlann stocáilte le leabhair a bhfuil ábhar suime iontu do phríosúnaigh agus tá páipéir nuachta agus roinnt irisí ar fáil chomh maith. Tá ríomhairí sa Leabharlann atá ar fáil do na príosúnaigh. Tugann an lucht bainistíochta daoine isteach as an taobh amuigh ar bhonn rialta chun topaicí neamhghnácha éagsúla a léiriú. Déantar é seo chun suim a chruthú i ngníomhaíochtaí a bhféadfadh suim a bheith acu iontu amach anseo.

Ceardlanna

Féach tráchtanna a rinneadh níos luaithe ar soláthar foirne.

Tairgtear cáilíochtaí in City and Guilds sna cúrsaí seo a leanas:

- Cistin – Gradam City and Guilds Leibhéal 1
- Péinteáil agus Maisiúchán – Gradam City and Guilds Leibhéal 1
- Ceardlann Mhiotalóireachta – Gradam City and Guilds Leibhéal 1
- Ceardlann Adhmadóireachta – Gradam City and Guilds Leibhéal 1
- Seirbhísí Ghlantóireachta – BICS
- Ceardlann Ríomhaireachta – Comhscileanna agus E.C.D.L. trí Chumann Ríomhaireachta na hÉireann, agus Gradam City and Guilds Leibhéal 1 le cúrsaí SQA i

1) Ríomhaireacht Dhigiteach
2) Uimhearthacht Dhigiteach
3) Modhanna Cumarsáide Digití.

Tugann na príosúnaigh faoi a lán tionscadal. Soláthraíonn siad táirgí deiridh don Fhondúireacht Make a Wish, Ospidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill, agus roinnt foirne peile páistí as lár na cathrach. Bheadh meánlíon de 10 ag glacadh páirte i gcuid de na ceardlanna sin gach lá.

Tá roinnt ceisteanna faoi sholáthar foirne ann i ngeall ar na teorainneacha airgeadais atá i bhfeidhm faoi láthair. B'éigean ceardlann amháin a dhúnadh ar bhonn sealadach toisc go raibh ar an Oifigeach a bhí i gceannas air dualgais choimhdeachta a dhéanamh. Tuigeann an Coiste go bhfuil an Foras ag fanacht le toradh ó chomórtas maidir le maoirseoirí agus tá súil acu go líonfar na folúntais ar fad le linn 2012. Tá an-rath ar na ceardlanna agus tá an-mhothú comrádaíochta i measc na rannpháirtithe a bhfuil cuma an-spreagtha orthu go n-éireoidh leo i ngach tionscadal a dhéanann siad.

Rinneadh an fhorbairt is suntasaí go méid mór ag an gCeardlann Ghlantóireachta sa chás go bhfuil baill den cheardlann ghlantóireachta faoi mhaoirseacht anois agus tá na seirbhísí glantóireachta don phríosún go léir á mbainistiú acu i ndiaidh gur cuireadh deireadh leis an gconradh glantóireachta. D'oibrigh an scéim seo go han-mhaith agus tá iarrachtaí á ndéanamh chun duine tionscail a thabhairt isteach chun deiseanna do phríosúnaigh i ndiaidh a scaoilte amach a phlé.

Tá pleananna ar siúl chun saoráidí ceardlainne a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na bpríosúnach faoi aois.

Saoráidí Cuairte agus Scáileáin

- **Láithreacha Cuairte:**

Tá an coiste sásta go bhfuil an láthair seo an-fheidhmiúil anois. D'féadfadh sé go mbeadh roinnt deacrachta ann lena chéile a chloisteáil nuair a bhíonn na seomraí cuairte gnóthach ach go ginearálta tá an córas fuaime úr ag obair go sásúil.

- **An tIonad Cuairte**:

Fáiltiú na gCuairteoirí: Ba mhaith leis an gcoiste go n-úsáidfí an tsaoráid seo go dearfach chun dea-chumarsáid a spreagadh idir an fhoireann agus teaghlaigh na bpríosúnach. Is é an t-ionad cuairte seo an chéad rud a fheiceann teaghlaigh, cairde agus teaghlaigh shínte agus ós mian leis an gcoiste an t-ionad a bheith ag feidhmiú ar mhodh ina dtaispeántar meas do gach cuairteoir. Tá sé tábhachtach go gcoinnítear an t-ionad cuairte glan agus slachtmhar i gcónaí. I ngeall ar líon na gcuairteoirí a théann tríd an ionad d'fhéadfadh fadbhanna a bheith ann maidir le cuid de na saoráidí. Ba cheart córas a cheapadh ina mbeidh na cuairteoirí ábalta amharc i ndiaidh leanaí ionas go mbeidh córas sábháilte i bhfeidhm chun réidh a fháil de chlúidín agus d'ábhair eile.
Tharla roinnt teagmhas maidir le fadhbanna calctha draenala le linn na bliana agus bhí Leithreas na mBan as feidhm. Tá a lán teoiricí ann faoi cad ba chúis leis seo ach tá an chuma ann go bhfuil an t-ualach trom ar an gcóras camrais iomlán ina fhachtóir. Rinneadh a lán forbartha sa réimse seo le deich mbliana anuas agus rinneadh mion-uasghrádú ar an gcóras dramhaíola.

C3

Leanann an sciathán seo de bheith ina ábhar imní don choiste. Tá sé mícheart go bhfuil príosúnaigh atá curtha faoi chosaint cillín le cillín le príosúnaigh atá sa sciathán sin mar phionós. I ngeall ar líon na ndronganna atá ag méadú i gcónaí ní féidir an cás a láimhsiú. Tuigimid gurb é seo an cás i bpríosúin eile chomh maith. Maímid ar Sheirbhís Príosún na hÉireann straistéis sholáimhsithe agus shoiléir a cheapadh.

Cillíní Speisialta agus Ciontóirí Ghnéis

I ngeall ar nádúr a gcoireanna agus ar an mbagairt atá ann ó phríosúnaigh eile is gá líon beag ciontóirí a choinneáil deighilte ó dhaonra ginearálta na bpríosúnach i gcónaí. Cé go dtuigeann an Coiste go hiomlán go gcaithfidh lucht bainistíochta an phríosúin gach réamhchúram a dhéanamh leis na daoine aonair seo a chosaint i gcónaí, tá gach uile príosúnach atá faoina gcúram i dteideal na tacaíochta atá ar fáil sa

phríosún. Táimid buartha faoin leibhéal teoranta a thugann an chosaint seo don líon beag príosúnach sin.

Déanaimid é seo a phlé ar bhonn leanúnach leis an nGobharnóir agus tá a fhios againn faoi na hiarrachtaí a rinneadh lena chinntiú go bhfuil na deiseanna céanna oideachais agus forbartha scileanna ag na príosúnaigh seo agus atá ag gach príosúnach eile. Iarraimid ar an Roinn a chinntiú go gcuirfear acmhainní imleora ar fáil don lucht bainistíochta chun riachtanais athshlánaithe (oideachas agus forbairt scileanna) na bpríosúnach sin a chomhlíonadh. Le linn 2011 rinneadh a lán iarrachta chun an tseirbhís oideachais do na príosúnaigh seo a mhéadú ach tá gá tuilleadh saoráidí a chur ar fáil.

Príosúnaigh ag buaileadh leis an gCoiste
Ba é 8 bpríosanach a bhuail leis an gCoiste i mbliana. Déanann an Coiste iarracht i gcónaí fáilte a chur roimh na cuairteoirí agus iad a chur ar a suaimhneas. Bíonn sé deacair é seo a dhéanamh corruair toisc go mbíonn sé dhuine ar an gCoiste de ghnáth. Is féidir leis a bheith imeaglaithe do na príosúnaigh óga ach toisc go dtugann an Coiste cuairt ar a ngnáthchuairteanna buaileann siad leis na príosúnaigh i dtimpeallacht níos foirmiúla. Tá gach plé a dhéantar le linn na gcuairteanna sin faoi rún go huile agus go hiomlán agus más féidir tugtar aiseolas don duine aonair trí Ghobharnóir a luaithe is féidir agus go cinnte laistigh de 24 uair.

Foirmeacha Gearán

Déantar iniúchadh ar chlárú na bhfoirmeacha Gearán go gnáthamh le linn na bliana agus tugtar fógra ábhartha. Iarradh 44 foirm Gearán agus cuireadh 19 isteach. Déanfaidh an coiste tuilleadh iniúchta má bhíonn na gearánaithe ábalta an fhoirm a chomhlánú.

Cillíní Breathnóireachta Speisialta

Rinneadh iniúchadh ar an logleabhar a choinnítear le haghaidh na gcillíní breathnóireachta speisialta. Sonraítear go raibh 257 iontráil ann le linn na bliana agus is é a lán de na daoine céanna a chuirtear sna cillíní seo i gcónaí. Tá monatóireacht ar na príosúnaigh sna cillín seo ríthábhachtach agus tá bainistíocht leighis agus shíceolaíoch riachtanach. Is é seo tosaíocht do bhaill an Choiste toisc go bhfuil cuid de na príosúnaigh an-leochaileach. Tá muinín againn go bhfuil na buarthaí céanna ag an bhfoireann is atá againn maidir leis seo.

Glaineacht ar fud an Phríosúin
Go ginearálta coinnítear an príosún glan agus slachtmhar. Mar a luadh i rannán na gceardlann ghlac an cheardlann Ghlantóireachta an freagracht as glanadh an phríosúin agus go dtí seo táthar ag éirí go maith leis an tionscadal seo.

Bás agus Gortú

Cé gur tharla briseach amach foréigin cúpla uair le linn na bliana sa chás gur gortaíodh Oifigigh Phríosúin fill na hoifigigh go léir ar an obair i ndiaidh dóibh an cúram cuí a fháil. Tá an Coiste sásta go ndéantar imscrúdú cuí ar gach teagmhas agus gur tháinig méadú ar úsáid na n-aonad monatóireachta ciorcaid iata.

Dúshláin don Choiste

Cúpla uair le linn na bliana mhothaigh an Coiste go raibh cumhdach na meán éagorach maidir leis na dálaí sa phríosún. Is seanphríosún é Foras Naomh Pádraig agus dá bharr sin teastaíonn níos mó cothabhála air ná foirgneamh níos comhaimseartha. Agus na diansrianta airgeadaíochta atá ann anois tig leis a bheith deacair buiséad ina bhfreastalaítear ar riachtanais uile an phríosúin a bhainistiú. Shonródh an Coiste gur príosúnaigh ghearrthéarmach agus óga atá sna príosúnaigh seo agus ní mór dóibh a bheith i bpríosún ina spreagtar athshlánú agus féinmheas. Déanann an fhoireann a ndícheall an tsaoráid a bhainistiú leis na hacmhainní atá ar fáil.

Cuairteoirí ar Fhoras Naomh Pádraig:

Alan Shatter – an tAire Dlí agus Cirt
Frances Fitzgerald – an tAire Leanaí
Cigire na bPríosún
Coiste Dlí agus Cirt an Oireachtais
An Breitheamh Catherine Leonard - an Chúirt Leanaí
Fabian Montes – Léachtóir ar "An Cultúr Dronganna"

Ceannfort Colette Quinn – Oifig an Gharda Síochana um Leanaí agus um Ghnóthaí Óige
Seirbhís Ceartais Óige na Beilge

Tionscnaimh Úra:

Tionscnamh"Thru Care" - lena n-áirítear cáschomhdhálacha seachtaine um roinnt faisnéise, cláir réamhscaoilte, cláir trí scaoileadh, agus cláir iarscaoilte.

Clár maidir le Ceartas Aisiríoch

Clár cuimsitheach oiliúna le haghaidh baill foirne a oibríonn le páistí

Cláir aonair cúram le haghaidh daoine 16/17 mbliana d'aois

Cláir Oiliúna ar Fhorbairt Phearsanta (Rugbaí leaiste)

Creidiúnú City and Guilds um Oiliúint

Neachtlanna Roinne

Scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta

Liosta gníomhaireachtaí ag freastal:

An tSeirbhís Ceartais Óige
IPS – Stiúrthóireacht Réimeas
An tOmbudsman Leanaí
Oberstown
FSS
For-rochtain Fhionnghlas
Ógtheagmháil an Chnoic Theas
Clár 'Copping On'
Ionad Thalbhóid
Tionscadal Crinion
Treo
Candle Trust
Scéime Garda J.L.O
Léigiún Mhuire
Focus Ireland
Edenvilla
Naisc Phríosúin
CARP
YAP
Le Chéile
Foireann Andúile an Bhré
Springboard
Crosscare
Naisc Phríosúin Inse Chór
Seirbhís Óige Thaistealaithe Thamhlachta
Tionscadal Rainbow
Iontaobhas Peter McVerry
I.N.I.S

Cruinnithe Chathaoirligh Choistí Cuairte an Phríosúin

Thar ceann Choiste Cuairte Phríosún Naomh Pádraig, d'fhreastal an Cathaoirleach ar roinnt cruinnithe de chuid Chathaoirligh na bpríosún ar fad. Tá na cruinnithe seo fiúntach toisc go dtairgtear deis do na Cathaoirligh iontu comparáid a dhéanamh idir na nótaí ar ghníomhaíochtaí na gcoistí chomh maith le beartas agus freagrachtaí na gcoistí a phlé. Ceann de na mórfhorbairt le linn 2010 atá fós ar siúl ná forbairt lámhleabhair do Choistí Cuairte chomh maith le doiciméad ina bhfuil sceideal oiliúna do bhaill úra coiste leagtha amach. Tá sé seo iarrtha le fada ag baill úra agus táimid ag súil go mór leis na tionscadal seo a bheith i gcrích in 2012.

Ardaidhmeanna

Úsáid den nasc Físe leis na gcúirteanna a mhéadú.
Scrúdú a dhéanamh ar mhalairtí ar phianbhreitheanna gnáthaimh a chur agus iad a chur chun cinn.
Idirchaidreamh a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí uile ar suim leo an scéal chun coimeád daoine 16 agus 17 mbliana d'aois a láimhsiú.
Straitéisí dreasachtaí a fhorbairt lena spreagfar príosúnaigh chun úsáid iomlán a bhaint as an Scoil agus as na Ceardlanna.
Fostóirí féideartha a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar ghrúpaí ar suim leo an scéal agus deiseanna fostaíochta a phlé.

Conclúid

Táimid sásta an tuarascáil seo a chur isteach agus tá muinín againn go leanfaidh Gobharnóir Gairmiúil agus foireann ghairmiúil d'Fhoras Naomh Pádraig a bhainistiú go maith.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an nGobharnór McLennan, Hughes agus leis an Leasghobharnóir Woods as a gcomhoibriú. Tugaimid buíochas faoi leith do Simon Walsh, ár gCléireach ar an gCoiste Cuairte. Táimid an-bhuíoch as a thacaíocht thar barr don Coiste le linn na bliana.

Tá baill an Choiste Cuairte tiomanta dár bhfeidhm a chomhlíonadh go hiomlán. Creidimid gur féidir tuilleadh feabhais a dhéanamh i gcónaí. Táimid ag súil go mór le bheith ag obair i ndlúth-chomhoibriú amach anseo le Foireann an Phríosúin, na Príosúnaigh, Seirbhís Príosún na hÉireann agus leis na Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.